ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga

# Céard a déarfá féin?

## Iniúchadh ar chearta an linbh i gcomhar leis an aos óg

Rang 1 & 2



# Céard a déarfá féin?

## Iniúchadh ar chearta an linbh i gcomhar leis an aos óg

Is acmhainn de chuid Oifig an Ombudsman do leanaí é *'Céard a déarfá féin?'*

ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga

**www.oco.ie**


Ábhair bhunúil arna chur in eagar ag

**Owen McCarthy**

agus scríofa ag foireann múinteoirí a bhfuil seantaithí acu:

**Anne-Marie Herron**

**Anne-Marie Kealy**

**Owen McCarthy**



Iad seo a leanas scríbhneoirí na ngníomhaíochtaí nua sna hábhair acmhainne chomh maith: **Anne-Marie Herron**, **Anne-Marie Kealy** agus **Owen McCarthy**.

Ba mhaith leis an OCO a thabhairt chun suntais an obair thábhachtach a rinne Clíodhna Ní Ghiollagáin agus Kate Mitchell i bhforbairt na n-acmhainní seo.


© Oifig an Ombudsman do Leanaí

# Brollach

A Mhúinteoir, a chara,

Is cúis mhór áthais dom go bhfuil sé beartaithe agat na hábhair acmhainne seo a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na saincheisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar leanaí agus a bhaineann le cearta an linbh.

Is é atá i gceist le mo phost, mo dhualgas reachtúil, ná cearta agus leas gach linbh, suas go haois ocht mbliana déag, a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear a leas san áireamh sa dlí, polasaí agus cleachtas. Fiafraítear díom go minic cá bhfuil cearta an linbh sonraithe. Tá dhá phríomh-phointí tagartha ann: An Bunreacht, atá mar ionstram bunaidh dlíthiúil na hÉireann, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán de chearta daonna leanaí ar aontaíodh go hidirnáisiúnta leo, rud a daingníodh in Éirinn i 1992.

Sa bhliain 2007, chuireamar an 'Ballóid Mhór' ar bun, tionscadal inar vótáil 74,000 leanaí ar na príomh-shaincheisteanna a raibh tionchar acu orthu. Thacaigh 560 bunscoil agus iar-bhunscoil, Ionaid Ógtheagmhála agus Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha leis na daoine óga páirt a ghlacadh ann. Tá sé ar an gcomhairliúchán is mó le leanaí in Éirinn riamh agus, mar is léir, ní fhéadfadh go mbeadh ann dó gan cúnamh agus díograis na múinteoirí ar fud na tíre.

Léirigh aiseolas ón tionscadal seo gurb iad na príomh-bhuntáistí do leanaí a bhí páirteach sa bhallóid ná an deis cearta an linbh a iniúchadh; tuairimí a chruthú agus a chur in iúl; agus foghlaim faoi, agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach. Tháinig aiseolas an-dearfach chugainn ó mhúinteoirí mar gheall ar a bheith ag úsáid na n-ábhar acmhainne agus d'iarr roinnt acu ábhair bhreise ar chearta an linbh orainn.

D'aontaigh an fhoireann mhúinteoirí a d'fhorbair na hábhair acmhainne bunaidh do bhunscoileanna obair a dhéanamh arís linn ar na hábhair seo. Ba mhór dúinn saineolas agus cruthaitheacht Owen McCarthy, Ann Marie Herron agus Anne-Marie Kealy.

Tuigim an ról suntasach atá ag múinteoirí i saolta leanaí. Cuireann ár n-eispéireas féin ar obair rannpháirtíoch i gcuimhne dúinn go bhfuil muid, mar atá do gach duine a bhíonn ag obair le leanaí, ag foghlaim chuile lá.

Tá súil agam go mbeidh na hábhair seo mar thacaíocht duit agus tú i mbun oibre agus go gceapfaidh na leanaí nach bhfuil na hábhair oideachasúil amháin, ach spraoiúil chomh maith.

Más mian leat tuilleadh eolais faoin OCO a fháil, agus an obair atá ar bun againn cearta agus leas an linbh a chur chun cinn in Éirinn, téigh chuig ár suíomh gréasáin ag - www.oco.ie

Míle buíochas,




Ombudsman do Leanaí

2010

# Réamhrá

Fáilte chuig 'Céard a Déarfá Féin?'. Is éard atá san acmhainn seo ná gníomhaíochtaí a dhéanann iniúchadh ar cheisteanna a bhaineann le chearta an linbh. San áireamh ann tá tagairtí do Chearta: gCoinbhsiún na NA um Chearta an Linbh agus don Bhunreacht.

Grúpa múinteoirí a chruthaigh na gníomhaíochtaí seo- gníomhaíochtaí a ceapadh ar bhealach a éascódh cur i bhfeidhm roinnt gnéithe den churaclam.

Sna hábhair tugtar tús eolais ar ról agus obair an Ombudsman do Leanaí agus tugtar an deis do leanaí na saincheisteanna seo a leanas a iniúchadh agus a phlé:

Guth a bheith agat agus go dtabharfaí cluas le héisteacht duit

- **Teaghlach agus cúram**
- **Sláinte agus maoin**
- **Oideachas**
- **Súgradh, fóillíocht agus caitheamh aimsire**
- **Cuimsiú**

Caithfear na saincheisteanna seo a láimhseáil go híogair. Ní foláir do mhúinteoirí cúinsí ar leith na leanaí a bhfuil siad ag obair leo a chur san áireamh agus na hábhair a chur in oiriúint dá réir.

Bunaithe ar na gníomhaíochtaí roimh ré agus féadfaidh múinteoirí é a chur in oiriúint dá scoil féin, díríonn gníomhaíocht deiridh na hacmhainne seo ar chuidiú le leanaí a dtuairimí a chur in iúl trí bhallóid a eagrú agus/nó páirt a ghlacadh ann.

Cuideoidh an rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí seo le leanaí tuiscint leathan a fháil ar an tábhacht a bhaineann le guth a bheith acu i leith nithe a théann i gcion orthu.

**Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i)**
Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL), Airteagal 12:**
Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

# Conas an acmhainn seo a úsáid

## CROÍGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Is éard atá san acmhainn seo ná lámhleabhar do mhúinteoirí a áiríonn bileoga oibre ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh orthu agus DVD ag gabháil leis a dhíríonn ar roinnt de na gníomhaíochtaí. San fhormáid seo féadfaidh leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taitneamhacha agus ag an am céanna cur lena dtuiscint ar chearta agus ar shaoránacht.

Tugann an chéad ghníomhaíocht tús eolais do na leanaí ar an Ombudsman do Leanaí. Sna gníomhaíochtaí eile déantar cíoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta leanaí ar bhealach a fhorbraíonn scileanna agus luachanna a bhaineann le hoideachas sa saoránacht. Cuireann na gníomhaíochtaí sin fócas ar fáil a dhíríonn ar an ngníomhaíocht deiridh – ballóid atá ina cheacht ar Shaoránacht agus a thugann tús eolais do na leanaí ar an bpróiseas daonlathach.  Tá súil againn go mbainfidh na leanaí taitneamh as na gníomhaíochtaí.

## TUISMITHEOIRÍ

Tá litir ón Ombudsman do Leanaí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ag gabháil leis an acmhainn seo. Chun an deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí na saincheisteanna a ndéantar iniúchadh orthu san acmhainn seo a phlé lena leanaí, tá spás ar na bileoga oibre do shíniú na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Iarrtar ar scoileanna torthaí ghníomhaíocht na ballóide a sheoladh abhaile chomh maith. .

## CURACLAM SCOILE

Éascaíonn na gníomhaíochtaí gnéithe den churaclam teagaisc agus foghlama, go háirithe i gcomhthéacs OSPS (féach léaráid thall). Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le leanaí iniúchadh agus plé a dhéanamh ar shaincheisteanna agus ábhar ag tagairt dá n-eispéiris féin. Baintear an-úsáid as an scéal sna hábhair acmhainne do bhunscoileanna, idir shíscéalta do ranganna na naíonán is chás-staidéir do ranganna sinsearacha.

## OIDEACHAS NEAMHFHOIRMIÚIL

Cé gur forbraíodh na hábhair seo don teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs oideachas foirmiúil leanaí, féadfar na gníomhaíochtaí a úsáid freisin d'obair le leanaí i suíomhanna oideachais neamhfhoirmiúla – mar shampla, mar chuid de chlár gníomhaíochtaí do leanaí atá ag freastal ar chlubanna tar éis scoile.

## MODHEOLAÍOCHTAÍ

I measc na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlaim a áiríodh agus na gníomhaíochtaí á gcur i gcrích bhí plé, díospóireacht, obair i ngrúpaí agus rólghlacadh. Spreagann siad leanaí le comhbhá a fhorbairt agus páirt a ghlacadh i gcomhar-fhoghlaim. Moltar do mhúinteoirí tacú leis na leanaí obair i ngrúpaí de chumais mheasctha. Cothaítear nasc idir an scoil agus an baile le gníomhaíochtaí a spreagfaidh plé breise ar na saincheisteanna sa bhaile. Ba chóir go mbraithfeadh leanaí úinéireacht i leith na hoibre a dhéanann siad i gcomhthéacs gach gníomhaíochta.

# An bhaint atá ag '*Céard a Déarfá Féin?*' leis an gCuaraclam do Ranganna a hAon agus a Dó

## OSPS

**Mise:**

- sábháilteacht agus cosaint
- riachtanais agus mianta

**Mise agus an Domhan Mór:**

- Forbairt na Saoránachta
- Pobal na Scoile

**Mise agus Daoine Eile**

## Corpoideachas

**Games**

- Cluichí
- Cluichí a cheapadh agus a imirt
- Lúchleasaíocht

## OSIE

**Tíreolaíocht:**

- Imshaoil Dhaonna (an pobal áitiúil)

Céard a déarfá féin?

*Iniúchadh ar chearta an linbh i gcomhar leis an aos óg*

## Drámaíocht

- Idéanna a iniúchadh srl. trí mheán an tsúgartha

## Teanga

**Labhairt:**

- éisteacht agus freagairt do scéal
- iompar ó bhéal agus neamhbhriathartha
- Plé
- Ceistiú

## Na hAmharcealaíona

- Líníocht
- Fabraic agus Snáithín
- Prionta

## Matamaitic

**Sonraí:**

- sonraí a léiriú agus a léirmhíniú

| | Leathanach | Ábhair |
|---|---|---|
| **Brollach** | 4 | |
| **Réamhrá** | 5 | |
| GNÍOMHAÍOCHT 1<br>**Tar agus Buail le Emily Logan** | 9 | DVD Rian 1 |
| GNÍOMHAÍOCHT 2<br>**Dia Duit** | 17 | |
| GNÍOMHAÍOCHT 3<br>**Eachtra Mór Carla** | 25 | |
| GNÍOMHAÍOCHT 4<br>**An Bhanphrionsa a raibh gach rud aici** | 31 | |
| GNÍOMHAÍOCHT 5<br>**An Ócáid An-mhór** | 39 | |
| GNÍOMHAÍOCHT 6<br>**An Dúshlán** | 51 | |
| GNÍOMHAÍOCHT 7<br>**Do Ghuth, Do Vóta** | 59 | |


**AON RUD IN EASNAMH?** MÁ TÁ AON CHEANN DE NA NITHE SIN IN EASNAMH IS FÉIDIR IAD A ÍOSLÓDÁIL ÓNÁR SUÍOMH GRÉASÁIN **WWW.OCO.IE**

**PRÍOMHDHEILBHÍNÍ**



**Radharc ón Dlúthdhiosca**



**Scríobh Líníocht**



**Plé Ranga Léigh os Ard**




**Nasc Baile**

*Obair an Ombudsman do Leanaí*

# GNÍOMHAÍOCHT 1

# Tar agus Buail le Emily Logan





Obair an Ombudsman do Leanaí

# Tar agus Buail le Emily Logan

Sa ghníomhaíocht seo gheobhaidh na leanaí tús eolais obair an Ombudsman do Leanaí.

**CUSPÓIR:**

Tús eolais a thabhairt do na leanaí ar obair an Ombudsman do Leanaí.

**AN tOmbudsman do Leanaí:**
Eascraíonn an focal ‘Ombudsman ‘ ó Chríoch Lochlainn . An bhrí atá leis an gcéad chuid den fhocal ‘Ombuds’ ná cosantóir ceart agus tagraíonn an dara cuid ‘man’ don chine daonna i gcoitinne. Mar sin d’fhéadfadh Ombudsman a bheith ina fhear nó ina bean. Tá sé/sí ina d(h)uine a chosnaíonn cearta daoine nó grúpa ar chumhachtaí agus bearta rialtais agus eagraíochtaí poiblí eile.
I gcás an Ombudsman do Leanái, is iad tairbhithe a c(h)uid oibre ná leanaí.



**BEIDH GÁ AGAT LE:**

- Grianghraf den Ombudsman do Leanaí
- DVD Rian 1
- Bileog Gníomhaíochta 1
- Litir (ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh air) do thuismitheoirí/caomhnóirí le heolas faoin OCO

**RÉAMHRÁ:**

Déan stiúradh ar phlé faoi róil éagsúla daoine fásta sa domhan mór. Iarr ar na leanaí jabanna/gairmeacha éagsúla a mholadh, a bhfuil siad in iúl orthu sa bhaile agus ina bpobal. D’fhéadfaí liosta dá moltaí a scríobh. Iarr ar na leanaí an bhfuil siad in iúl ar aon phost neamhchoitianta – m.sh. duine a oibríonn sa zú, lia crann, siúltóir madraí, tiománaí craenach.

**FORBAIRT:**

- Mínigh gur aimsigh tú duine le post an-neamhchoitianta, ach an-tábhachtach.
- Seinn Rian 1 ar an DVD nó léigh amach téacs litir Emily chuig na leanaí *(Nóta eolais – níl Rian 1 ar an DVD mar an gcéanna le téacs litir Emily).*

# Buail le Emily Logan



A bhuachaillí agus a chailíní,

Emily is ainm domsa agus ba maith liom insint daoibh faoin post tábhachtach atá agam.

Seans go gceapfadh sibh go bhfuil sé beagán ait, ach an post atá agamsa ná éisteacht lena bhfuil le rá ag leanaí mar gheall ar rudaí a atá tábhachtach dóibh.

Sula bhfuair mé an post seo d'oibrigh mé i mo bhanaltra in Éirinn agus in ospidéal mór do leanaí i Sasana. Thaitin sé go mór liom bheith ag tabhairt aire do leanaí agus am a chaitheamh leo. Theastaigh uaim tuilleadh a dhéanamh chun feabhas a chur ar an saol do leanaí. Agus theastaigh uaim tuilleadh a dhéanamh chun a chinntiú go n-éistfí lena bhfuil le rá acu.

Ó fuair mé an post mar Ombudsman do Leanaí, táim tar éis cloisteáil ó na mílte leanbh ar fud na hÉireann. D'inis siad an-chuid rudaí éagsúla dom. D'inis siad dom faoin áit ina bhfuil cónaí orthu. Labhair siad liom faoina dteaghlaigh. D'inis siad dom faoina gcairde agus an méid spraoi a bhíonn acu lena chéile. Labhair siad liom faoi na háiteanna is fearr leo bheith ag súgradh agus faoi na cluichí is fearr leo. D'inis siad dom faoi na nithe is maith leo a fhoghlaim ar scoil agus na nithe is maith leo a dhéanamh ar a laethanta saoire. D'inis siad dom cad a dhéanann sona iad agus cad a dhéanann brónach iad. D'inis siad dom faoi nithe a chuireann scanradh orthu agus faoi nithe a chuireann ag gáire iad. D'inis siad dom faoina mianta agus conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an saol dóibh agus do na daoine a thugann aire dóibh.

D'fhoghlaim mé an-chuid ó bheith ag éisteacht lena raibh le rá ag leanaí. Tá an éisteacht thar a bheith tábhachtach. Ba chóir dúinn go léir bheith ag éisteacht lena chéile. Is féidir leastsa cleachtadh a dhéanamh ar labhairt agus éisteacht le do mhúinteoir.

Táim an-bhuíoch díot as éisteacht liom inniu.

Slán tamall.

Emily Logan

Cuir ceisteanna ar na leanaí faoi litir Emily, nó faoi Rian 1 den DVD.

### Ceisteanna a d'fhéadfaí a chur faoi Rian 1 den DVD:

- Cad is teideal do phost Emily?
- Cad a dhéanann Emily ina post?
- An féidir leat cuimhneamh ar roinnt rudaí ar labhair na leanaí sa scannán fúthu?
- Cad iad na nithe atá tábhachtach, dar le Emily?

### Ceisteanna féideartha bunaithe ar litir Emily:

- Cad is ainm don Ombudsman do Leanaí?
- Cén post atá aici?
- Cén fáth a raibh an post seo ó Emily?
- Cad a rinne Emily sula raibh sí ina hOmbudsman do Leanaí?
- Cé hiad na daoine ar bhuail Emily leo ó ceapadh í ina hOmbudsman do Leanaí?
- Ainmnigh trí rud a d'inis na leanaí do Emily.
- Cé uathu a bhfuil a lán foghlamtha ag Emily?

### GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 1 a líonadh.

### NASC BAILE:

Iarr ar na leanaí a mbileoga críochnaithe a thabhairt abhaile chomh maith le cóip den litir do thuismitheoirí/caomhnóirí.

# Tar agus Buail le Emily Logan, an tOmbudsman do Leanaí

Tarraing pictiúr de Emily, le do thoil, agus bain úsáid as na focail chun na bearnaí a líonadh.

| Emily | Éisteacht | Leat | Leanaí | Ireland |
| --- | --- | --- | --- | --- |

______________ is ainm dom.

Is mise an tOmbudsman do ______________

An post atá agam ná ______________ le gach leanbh.

...agus a ______________

déanamh ______________

Teastaíonn uaim éisteacht

NASC BAILE

Iarr ar do leanbh a rá leat céard a d'fhoghlaim sé/sí faoin Ombudsman do leanaí.

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: ______________________

*A thuismitheoir/chaomhnóir, a chara,*

*Táim ag scríobh chugat toisc go bhfuil do leanbh ag foghlaim faoinár n-obair in Oifig an Ombudsman do Leanaí ar scoil faoi láthair.*

*Mar chéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn, is é mo phost cearta agus leas leanaí atá faoi 18 mbliana d'aois a chur chun tosaigh.*

*Sa ról agamsa mar Ombudsman do Leanaí, tá dualgas reachtúil orm feasacht ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas an linbh, i measc leanaí agus daoine óga, a mhéadú.*

*Chuireamar clár gníomhartha oideachasúla le chéile i gcomhar le múinteoirí a bhfuil taithí mhaith acu sa réimse seo ionas go mbeidh leanaí in ann foghlaim faoin obair a dhéanaimid agus go mbeidh siad in ann dul i ngleic le hábhair a bhaineann le saol an linbh in Éirinn.*

*Bhí na gníomhartha seo mar chuid de thionscadal "an Bhallóid Mhór" ar dtús, a reáchtáil ár nOifig le linn 2007. Ghlac na céadta scoil agus beagnach 75,000 leanbh ar fud na hÉireann páirt sa tionscadal seo. Ba í aidhm an tionscadail deis a thabhairt do leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi na ceisteanna is tábhachtaí dóibh, agus leis sin, níos mó eolais a chur ar fáil dár nOifig sa chaoi is go mbeimis in ann cinntí a dhéanamh maidir leis na ceisteanna ar a mbeimis ag díriú.*

*Tá sé lárnach dár n-obair anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí gur féidir le leanaí féin a dtuairimí agus ábhair is cúram dóibh a chur in iúl dúinn, agus gur féidir leo páirt a ghlacadh i gcinntí a bhaineann leo.*

*Foghlaimímid lear mór eolais ó na tuairimí agus smaointí a roinneann leanaí agus daoine óga linn. Táimid ar an eolas faoin méid tacaíochta a thugann tuismitheoirí agus gairmithe do leanaí agus do dhaoine óga nuair atá siad ag iarraidh níos mó eolais a fháil ónár nOifig nó teagmháil a dhéanamh linn. Táimid go léir fíorbhuíoch as an tacaíocht seo.*

*Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le hobair ár nOifige, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.oco.ie, seol ríomhphost chugainn ag oco@oco.ie nó cuir glao orainn ag 01-8656800 chun pacáiste eolais a lorg.*

*Míle buíochas,*

*Emily Logan*

*Emily Logan*
*Ombudsman do Leanaí*

NASC BAILE



*An ceart guth a bheith agat agus go n-éistfí leat*

# GNÍOMHAÍOCHT 2

## Dia Duit





# An ceart guth a bheith agat agus go n-éistfí leat

# Dia Duit

Sa cheacht seo déanfaidh na leanaí iniúchadh ar go bhfuil sé de cheart acu go n-éistfí leo. Trí ghníomhaíochtaí éagsúla féadfaidh na leanaí breathnú ar an gcaoi ar féidir leo a nguthanna indibhidiúla a úsáid sa chaoi is go gcuirfidh siad in iúl a riachtanais agus a gcúiseanna imní.

**CUSPÓIR:**

Tús eolais a thabhairt do na leanaí ar an gcoincheap go bhfuil sé de 'cheart acu go n-éistfí leo'

**Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i):**
Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a a nochtadh go neamhshrianta.

**CNACL, Airteagal 12:**
Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

**BEIDH GÁ AGAT LE:**

- Maide/bata chun é a sheoladh mórthimpeall an ranga i gciorcal
- Bileog Gníomhaíochta 2



# Dia Duit

**RÉAMHRÁ:**

Tabharfaidh an múinteoir tús eolais do na leanaí ar an gcoincheap go n-úsáidimid ár nguth chun aithne a chur ar a chéile.

## Rogha 1:

Iarr ar na leanaí seasam nó suí i gciorcal.

Cuidigh leo bata/slaitín a sheoladh timpeall:

- *Babhta 1:* Déarfaidh gach leanbh a (h)ainm nuair a thagann a ndeis - is é sin nuair a fhaigheann siad an maide/bata ón leanbh rompu.
- *Babhtaí 2/3/4:* Déarfaidh gach leanbh a h(ainm) os ard/os íseal/go gíoscánach/go gruama (d'fhéadfadh na leanaí guthanna eile a mholadh).

**&/or**

## Rogha 2:

Pléigh leis na leanaí an chaoi ina ndearaimid Dia Duit, i mBéarla, i nGaeilge agus i dteangacha eile. Má tá leanaí sa rang nach é Béarla an teanga dúchais acu is féidir leo moltaí eile a dhéanamh. Seo a leanas roinnt bealaí inar féidir le 'Dia Duit' a rá.

Cuidigh leis na leanaí cleachtadh a dhéanamh ag dul gach treo timpeall an chiorcail:

- *Babhta 1* Hello
- *Babhta 2* Dia Dhuit
- *Babhta 3* *etc.*

Lean de seo fad is a léiríonn na leanaí spéis sa chluiche.

**FORBAIRT:**

Cuir in iúl do na leanaí go bhfuil guthanna éagsúla againn go léir, agus gur féidir linn iad a úsáid ar bhealaí éagsúla chun teangacha éagsúla a labhairt. Féadfaidh daoine, lena n-áirítear daoine nach bhfuil cumas labhartha acu, iad féin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla.

Iarr ar leanaí bealaí eile a mholadh a gcuireann daoine iad féin in iúl, m.sh. comharthaíocht nó geaitsaíocht.

Pléigh cé chomh éifeachtach is atá na bealaí éagsúla cumarsáide.

Léigh amach scéal Phóil agus déan iniúchadh ar an gcaoi a n-úsáidimid ár nguthanna ionas go n-éistfidh daoine linn, nó go deimhin, go ndéanfaidh siad neamhaird dínn.

| **Teanga** | **Dia Duit** | **Fuaimniú foghraíochta** |
|---|---|---|
| Polainnis | Czesc | Chesht |
| Sínis | Ni Hao | Knee how |
| Fraincis | Bonjour | Bohn-zhoor |
| Seicis | Dobry den | Do bry den |
| Spáinnis | Hola | Oh-la |

## SCÉAL PHÓIL

Bhí Pól 7 mbliana d'aois agus bhí deartháir óg aige, darbh ainm Tomás a bhí 2 bhliain d'aois. Bhí Tomás i gcónaí ag caoineadh, ag béicíl agus bhí taomanna feirge aige go minic. Dúirt a mháthair gur minic a bhíonn leanaí óga mar seo nuair atá siad dhá bhliain d'aois. Ach pé fáth a bhí leis, d'éirigh le Tomás cead a chinn a fháil i gcónaí dá bharr. Is air siúd a díríodh an aird go léir sa teach. Thug a mháthair agus a athair aird air i gcónaí nuair a bhí sé ag béicíl agus nuair a bhí sé i mbun a thaomanna feirge. Bhí an chuma ar an scéal gur tugadh gach aon ní do Thomás a bhí ag teastáil uaidh sa deireadh.

Mar sin bheartaigh Pól go ndéanfadh sé amhlaidh. Thabharfaí an-aird air siúd chomh maith. Thosaigh sé ag caoineadh agus ag béicíl. Bhuail sé a chos ar an talamh agus bhí taomanna feirge aige an lá ar fad. 'Anois' ar seisean leis féin,' Éistfidh Mamaí agus Daidí liomsa in ionad Tomás. Gheobhaidh mé gach rud a bheidh uaim' …..
Ach níor tharla sé sin.

An féidir leatsa buille faoi thuairim a thabhairt cén fáth? (Déanfaidh na leanaí toradh iompar Phól a mheas.)

Tá an ceart agat. Bhí alltacht ar Mhamaí agus ar Dhaidí faoi iompar Phól. Ní raibh siad sásta ar chor ar bith. Níor thug siad aird ar Phól. Déanta na fírinne, dúirt siad leis go raibh iompar dá leithéid seafóideach ar fad. Níor thuig Pól,

Cén fáth go raibh sé seafóideach dó siúd agus nach raibh do Thomás? Céard ba chóir do Mhamaí agus do Dhaidí a rá chun é seo a mhíniú do Phól? Iarr ar na leanaí moltaí a dhéanamh.



# Gníomhaíocht 2

## CEISTEANNA

Iarr ar leanaí cons is féidir leo aird duine a fháil? Déan iniúchadh ar a smaointeoireacht ach na ceisteanna seo a leanas a chur:

- Má tá bainne ó bháibín
  cad a deir sé/sí ?
- Má tá bia uaitse
  cad a deir tú/cad a dhéanann tú?
- Má tá bia ó dhuine fásta
  cad a dhéanann/deir sé/sí?

Déan iniúchadh breise air seo i ndáil le riachtanais eile, m.sh.bia, codladh, teas.

Pléigh na nithe is iomchuí do leanaí de réir a n-aoise ach na ceisteanna seo a leanas a chur orthu:

- Cén chaoi ar chóir an cheist a chur?
- Conas aird a fháil?
- Cad a chuireann ar dhaoine
  eile éisteacht leat ?
- Cad a chuirfeadh cosc
  orthu éisteacht lena bhfuil le rá agat?

Conas a bhíonn fhios againn go bhfuil daoine fásta ag éisteacht lena bhfuil le rá againn? (m.sh. teagmháil súl, focail thacaíocha a úsáid, rud éigin a dhéanamh chun cuidiú linn)

## GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH:

Iarr ar na leanaí suí i bpéirí. Duine amháin ina thuismitheoirí. Duine eile ina leanbh.

Iarr ar na leanaí an rólghlacadh seo a leanas a dhéanamh:

- Tá bainne ón mbáibín;
- Tá banana ón leanbh óg;
- Teastaíonn ón leanbh 8 mbliana d'aois fanacht ina shuí níos déanaí istoíche.

I ngach cas caithfidh an tuismitheoir a léiriú go bhfuil sé/sí ag éisteacht agus freagairt go cuí.

## NASC BAILE:

Iarr ar leanaí bileog ghníomhaíochta 2 líonadh agus gcuid oibre a phlé lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.



# Dia Duit

**Cad a déarfá dá mbeadh:**

tú fuar...

ocras ort...

brón ort...

tart ort...

fonn ort a bheith ag imirt...

cabhair uait...

eagla ort...

tú tar éis titim...

do mhothúcháin gortaithe toisc go ndúirt duine rud leat...

tuirse ort...

NASC BAILE

Tacaigh le do leanbh é/í féin a chur in iúl go soiléir agus ar bhealach atá oiriúnach dá (h)aois. Léirigh go bhfuil tú ag cloistéail a bhfuil le rá aige/aici.
Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra:

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: ______________________



*Oideachas agus Súgradh*

# GNÍOMHAÍOCHT 3

## Eachtra Mór Carla





## Oideachas agus Súgradh

# Eachtra Mór Carla

Sa cheacht seo smaoineoidh na leanaí ar a saol scoile agus sainaithneoidh siad na ndeiseanna foghlama agus súgartha atá acu.

**CUSPÓIR:**

Go bhfaigheadh na leanaí tuiscint éigin ar an gceart atá acu chun oideachas a fháil agus a bheith ag súgradh

**Bunreacht, Airteagal 42 :**
Aithníonn an Stát an ceart oideachas a fháil.

**CNACL, Airteagal 28:**
Tá sé de cheart ag leanaí oideachas a fháil.

**CNACL, Airteagal 31:**
Tá ceart chun súgartha agus chun sosa ag leanaí.

NASC BAILE

**BEIDH GÁ AGAT LE:**

- Bileog Gníomhaíochta 3

**RÉAMHRÁ:**

Léigh amach an scéal Eachtra Mór Carla.



# Eachtra Mór Charla

**Bhí Carla an-sceitimíneach ar fad. Bhí sí ag dul ar eachtra mhór lena tuismitheoirí. Thaitin seoltóireacht lena máthair agus lena hathair agus bheartaíodar ar sheoladh mórthimpeall an domhain i luamh (yacht). Agus an rud ab fhearr ar fad ná go raibh Carla ag dul leo. Bhí sí ar bís ar fad ag súil leis na turas. Bhí gach rud pacáilte ag Carla agus d'fhág sí slán ag a cairde ar scoil agus ag a cairde ar an mbóthar. Ní fheicfeadh sí iad go ceann bliana. Agus, creid nó ná creid é, ní bheadh uirthi freastal ar scoil go ceann bliana chomh maith! Bhí sí chun a leabhair scoile a thabhairt léi agus bhí a tuismitheoirí chun í a mhúineadh ar an turas. Bheadh am iontach aici.....Agus bhí am iontach aici! .....ar feadh tamaill.**

Chonaic Carla na rudaí is iontaí dá bhfaca tú riamh. Éirí agus luí na gréin, an ghealach ag lonrú i spéir na hoíche agus na réaltaí ag glioscarnach mórthimpeall. Chonaic sí éisc áille breaca, deilfeanna (dolphins) den scoth agus míolta móra millteacha. Chonaic sí éin uisce a d'eitil agus a bhí ar foluain os cionn an uisce. Chonaic sí an fharraige agus í ciúin agus an fharraige agus í fíochmhar le tonnta móra ag bualadh an bháid. Chonaic sí an-chuid agus d'fhoghlaim sí an-chuid faoin domhan agus faoin dúlra agus bhí sé an-spéisiúil.

Ach tar éis tamaill tháinig brón ar Charla. Gan amhras bhí sí sona a bheith lena máthair agus lena hathair, thaitin an bád agus an fharraige agus an spéir léi. Ach bhí rud éigin in easnamh.

*An féidir leatsa a thomhas cad a bhí in easnamh? (Tabhair seans do na leanaí buille faoi thuairim a thabhairt)*

Tá an ceart agat – bhraith Carla uaithi a cairde agus a scoil. Ní raibh éinne eile ar chomhaois léi ar an mbád a bhféadfadh sí imirt leo agus ní raibh aon áit ann le bheith ag súgradh i gceart. Ní fhéadfadh sí rith mar nach raibh sé sin sábháilte agus toisc nach raibh dóthain spáis ann. D'imir sí cártaí agus cluichí boird agus tharraing sí pictiúir. Ní raibh éinne aici le bheith ag caint leo ach a máthair agus a hathair. Bhraith sí uaithi a cara Millie agus an spórt a bhí acu lena chéile i gclós na scoile, ag scipeáil agus ag imirt. Bhraith sí uaithi corpoideachas agus damhsa agus míreanna mearaí a dhéanamh agus ceisteanna matamaitice a réiteach lena rang. Bhraith sí uaithi am lóin agus caint lena cairde. Tháinig brón an-mhór ar Charla.

Ní fada gur thug a máthair agus a hathair faoi deara go raibh rud éigin mícheart agus d'fhiafraigh siad de Charla faoi. Ar dtús báire, ní dúirt Carla cad a bhí ag cur as di. Ní raibh sí cinnte conas a rá lena tuismitheoirí faoina raibh á bhrath aici. Ach ar deireadh thiar d'aimsigh sí a guth agus d'inis siad dóibh amach é:

'Braithim uaim an scoil. Braithim uaim a bheith ag imirt le mo chairde. Braithim uaim a bheith ag scipeáil agus ag imirt sa chlós. Braithim uaim corpoideachas. Braithim uaim damhsa agus ceol agus ealaíon. Braithim uaim míreanna mearaí a dhéanamh agus ceisteanna matamaitice a réiteach le mo rang. Braithim uaim am lóin agus a bheith ag caint le mo chairde.'

Thuig a máthair agus a hathair ó Carla go raibh sí míshona agus gur bhraith sí uaithi a cairde. Bhí plé fada ag an

teaghlach faoin scéal agus d'éisteadar go cúramach lena chéile.

*Céard a dúirt siad, dar leat? (Tabhair seans do na leanaí moltaí a dhéanamh nó tabhairt faoi rólghlacadh)*

Tar éis plé mór a bheith ann bheartaigh máthair agus athair Carla go raibh siad siúd beagán bréan de bheith ag seoltóireacht mórthimpeall fharraigí an domhain freisin agus go mbeidís siúd sásta filleadh ar an mbaile níos túisce ná mar a bhí beartaithe acu freisin. Déanta na fírinne, bhraith siad siúd a mbaile agus a gcairde uathu chomh maith. Ach ní raibh a fhios acu gur bhraith Carla a cairde agus a scoil uaithi chomh mór sin. Dúirt siad go raibh siad sásta gur labhair Carla amach agus gur chuir sí a fadhb in iúl dóibh. Dúirt siad go bhfaighidís réiteach ar an scéal i dteannta a chéile. Agus fuair! Cúpla mí ina dhiaidh sin bhí Carla ar ais ar scoil, ar ais lena cairde agus í ag insint dóibh faoin eachtra mhór seoltóireachta.

## FORBAIRT:

Pléigh an scéal leis an rang. Seo a leanas roinnt ceisteanna a d'fhéadfaí a chur.

- Céard a thaitin le Carla faoi dhul ar eachtra?
- Céard iad na nithe a chonaic sí?
- Céard a bhraith sí uaithi nuair a bhí sí ar an turas?
- Cad iad na rudaí a bhraithfeá uait mura mbeifeá ar scoil?
- Cén fáth a raibh sé deacair uirthi a insint dá tuismitheoirí?
- An raibh an ceart ag Carla insint dá máthair agus dá hathair go raibh sí míshona? Cén fáth?
- Cén réiteach a fuair an teaghlach ar an bhfadhb?

## GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:

Iarr ar na leanaí suí i gciorcal chun cainte agus chun éisteachta.

Tabhair samplaí dóibh de raon gníomhaíochtaí scoile – idir ghníomhaíochtaí sa seomra ranga agus ghníomhaíochtaí sa chlós. Iarr ar na leanaí mím a dhéanamh ina nduine agus ina nduine.

*Babhta 1:* Déanfaidh gach leanbh mím den ghníomhaíocht is mó a thaitníonn leis/léi ar scoil.

*Babhta 2:* Ainmneoidh gach leanbh an ghníomhaíocht a ndearna siad mím de sa bhabhta roimhe seo.

*Babhta 3:* Ainmneoidh gach leanbh an ghníomhaíocht is fearr leis/léi ar saoil agus an chúis ar maith leo sin e.g. Is maith liom corpoideachas mar go n-imrímid cluiche corr agus is breá liom an cluiche sin'.


## NASC BAILE:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 3 a chríochnú agus é thabhairt abhaile agus a thaispeáint dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

NASC BAILE



# Ar scoil, is maith liom na rudaí seo a dhéanamh



NASC BAILE

Pléigh le do leanbh cad is maith/nach maith leis/léi ar scoil agus an chúis leis sin.

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: ______________________

*Teaghlach agus Cúram, Sláinte, agus Maoin*

# GNÍOMHAÍOCHT 4

# An Bhanphrionsa a raibh gach rud aici





## Teaghlach agus Cúram, Sláinte,agus Maoin

# An Bhanphrionsa a raibh gach rud aici

Sa cheacht seo déanfaidh na leanaí iniúchadh ar na cearta atá acu maidir le cúram agus cosaint agus go bhfreastalófaí ar a riachtanais ionas gur féidir le maireachtáil agus bláthú ina bpobail.

**CUSPÓIR:**

Feasacht a chothú maidir leis an ngá atá le timpeallacht teaghlaigh áit a ndéantar cúram ceart de gach leanbh.

**BEIDH GÁ AGAT LE:**

- Bileog Oibre 4

**RÉAMHR Á:**

Léigh an scéal do na leanaí.

**Bunreacht, Airteagal 41 :**
Tá áit speisialta ag an teaghlach sa tsochaí.

**CNACL, Airteagail 7 agus 9:**
Tá sé de cheart ag leanaí a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a thabharfaidh aire dóibh.

**CNACL, Airteagail 24 and 27:**
Tá sé de cheart ag leanaí an cúram sláinte is fhearr a fháil, uisce óil sábháilte a fháil, bia cothaitheach a fháil, cónaí i dtimpeallacht ghlan shábháilte, agus eolas a fháil a chuideoidh lena bhfolláine.

NASC BAILE



# An Bhanphrionsa a raibh gach rud aici

**Fadó, fadó bhí banphrionsa ann darbh ainm Prunella a chónaigh i gcaisleán álainn i dtír i bhfad i gcéin. Ba dhaoine tábhachtacha iad a tuismitheoirí a thaistil ar fud an domhain ag cur comhairle ar na daoine ar bhuaileadar leo. Nuair a bhí Rí agus an Bhanríon imithe ar thuras d'fhan an Banphrionsa Prunella sa bhaile sa chaisleán mór agus thug na searbhóntaí aire di.**

Toisc gurb banphrionsa í, fuair Prunella an uile ní a bhí ag teastáil uaithi. Ní raibh uirthi ach glaoch ar na searbhóntaí agus rinneadar gach rud di.

'*Teastaíonn coileán nua uaim*', arsa Prunella agus láithreach bonn d'imigh an searbhónta go dtí an siopa peataí agus fuair coileán di.

'*Teastaíonn uaim linn snámha sa ghairdín*', arsa Prunella agus láithreach bonn thosaigh fir oibre ag tochailt sa ghairdín chun linn snámha a thógáil di.

'*Teastaíonn uachtar reoite uaim don dinnéar* ', arsa Prunella agus láithreach bonn thosaigh an cócaire ag déanamh uachtar reoite seacláide di. .

'*Teastaíonn gúna nua uaim*',arsa Prunella agus láithreach bonn tháinig an maintín chun éadaí nua a dhéanamh di.

Agus lean cúrsaí ar aghaidh mar seo – theastaigh rudaí ó Prunella agus fuair sí iad – i gcónaí ag lorg rud éigin - fáinne, pónaí, líomanáid, bás luais, hata le cleití, rothar gluaiste, meaisín karaoke nó seacláidí speisialta. Ní raibh aon teorann leis an méid a lorg Prunella. Bhí a fhios ag na searbhóntaí gur theastaigh ón Rí agus ón mBanríon go mbeadh Prunella sásta agus mar sin thug siad gach rud di a theastaigh uaithi. Rith siad anseo is ansiúd an lá ar fad, go dtí an siopa agus chuig na margaí chun gach uile rud a bhí ó Prunella a fháil di chun í a shásamh.

Ach déanta na fírinne ní raibh Prunella sona. Ba chuma cé mhéid coileán, linn snámha, fáinní, uachtar reoite nó líomanáid a fuair sí rí raibh sí sona. Ní raibh sí sona ar chor ar bith.

Bhí sí míshona, amach is amach. Bhí an caisleán dorcha agus fuar agus bhí séideán gaoithe ann. Bhí a leaba mór agus ní raibh sé compordach ina aon chor. Níor thaitin an bia iontach go léir léi mar go raibh uirthi suí chun boird léi féin.

Uaireanta sa tráthnóna tar éis do Prunella a dinnéar a ithe ina haonar théadh sí amach ag siúl, amach as tailte an chaisleáin agus síos chun an tsráidbhaile. Nuair a bhí sé dorcha bhíodh soilse na dtithe ar siúl agus d'fhéadfadh sí féachaint isteach sna tithe beaga ceann tuí. Sna seomraí suite compordacha bhí tinte móra ar siúl sna tinteáin. Chonaic sí teaghlaigh bailithe timpeall an bhoird agus anraith glasraí blasta á ithe acu chun iad a choinneáil te ar oíche fhuar gheimhridh. Chonaic sí na leanaí ag léamh agus ag imirt cluichí nó ag ól seacláide te sula ndeachaigh siad chun suain. Nuair a rinne siad casachtach thug a dtuismitheoirí cóir leighis dóibh. Nuair a rinne siad caoineadh thug a dtuismitheoirí barróg dóibh. D'fhéach Prunella isteach sna tithe beaga seo agus bhí sí an-bhrónach.

Tráthnóna amháin agus í ag siúl thar na tithe beaga ceann tuí leis na teaghlaigh bailithe iontu thosaigh Prunella ag caoineadh. Bhí sí brónach agus uaigneach. Gan amhras bhí a fhios aici go raibh an t-ádh uirthi ar an iliomad bealaí. Bhí cónaí uirthi i gcaisleán mór. Bhí níos mó éadaí agus seoda agus bréagáin aici ná éinne eile. Fuair sí an uile ní a bhí uaithi. Ach bhí rud amháin nach bhféadfadh na searbhóntaí a thabhairt di. An rud a theastaigh ó Prunella i ndáiríre ná a teaghlach a bheith léi. Theastaigh uaithi a bheith lena Mamaí agus lena Daidí. Theastaigh uaithi suí cois tine leo agus anraith glasraí blasta a ithe ar oícheanta geimhridh. Theastaigh uaithi barróg nuair a bhí sí ag caoineadh agus b'fhéidir fiú muga seacláide te agus leaba deas compordach. Nuair a d'fhill Prunella ar an gcaisleán shuigh sí ar a leaba míchompordach agus thosaigh sí ag machnamh. Bhí smaoineamh aici. Rachadh sí ina bhun láithreach.



An mhaidin dár gcionn ghlaoigh Prunella ar na searbhóntaí agus thosaigh le 'Teastaíonn uaim' … agus na searbhóntaí ar tí rith is rás chun freastal uirthi. 'Cad a bheidh uaithi an turas seo' a smaoiníodar, 'bád, eitleán, cairpéad draíochta?' Cá mbeadh a dtriall chun an rud is déanaí a aimsiú?

Ach bhí ionadh orthu nuair a dúirt Prunella '*Teastaíonn uaim …… litir a sheoladh*.'

Gháir na searbhóntaí. '*Tá sé sin éasca*' ar siad láithreach bonn agus fuair siad píosa páipéir agus clúdach litreach le stampa agus thosaigh Prunella ag scríobh. Thosaigh sí ag scríobh go cúramach…

*A Mhamaí agus a Dhaidí…..*

Scríobh Prunella litir fhada chuig a máthair agus a hathair, an Rí agus an Bhanríon.

*An féidir leatsa a shamhlú céard a scríobh sí sa litir? (Lig do na leanaí a mheas céard a scríobh an bhanphrionsa ina litir nó scríobh litir, mar rang, ó Prunella chuig a tuismitheoirí..)*

D'inis sí dóibh go raibh sí brónach agus uaigneach léi féin sa chaisleán. Dúirt sí gur theastaigh uaithi a bheith lena teaghlach. Dúirt sí gur theastaigh uaithi suí cois tine, anraith glasraí blasta a ithe ar oícheanta geimhridh fuara, gur theastaigh uaithi barróg nuair a bhí sí ag caoineadh agus muga seacláide te uaireanta sula ndeachaigh sí ag luí istoíche.

Chuir Prunella an litir sa phost agus d'fhan sí ar fhreagra. Ní bhfuair sí litir ar ais an chéad lá, an dara lá …..an cúigiú lá. Ach ar an séú lá fuair sí rud a chuir gliondar ar a croí. Bhí an-chuid gleo agus fuadair faoi dhaoine sa chaisleán mar go raibh an Rí agus an Bhanríon tar éis filleadh gan choinne. Bhí litir Prunella faighte acu agus bhí orthu teacht ón taobh eile den domhan chun a bheith léi. Thug an Rí barróg mhór do Prunella. Thug an Bhanríon póg di agus shuigh siad go léir chun boird chun anraith glasraí blasta a bheith acu. Bhíodar ag caint ar feadh tréimhse an-fhada. D'inis Prunella dá Mamaí agus dá Daidí conas mar a bhraith sí. Bhí an-bhrón ar an Rí agus ar an mBanríon go raibh siad tar éis Prunella a fhágáil léi féin chomh minic sin.

*'Bhí dul amú orainn,' arsa na Rí. 'Mheasamar go mbeifeá níos sona anseo leis na searbhóntaí agus iad ag tabhairt an uile ní duit. Níor thuigeamar gur teaghlach a bhí uait i ndáiríre.'*

*'Ní dhéanfaimid an dearmad céanna arís' arsa na Bhanríon. Déanfaimid ár ndícheall a bheith anseo leat nó tú a thabhairt linn ag taisteal. Ar an gcaoi sin ní bheidh tú uaigneach arís. Tabharfaimid barróg duit nuair a bheidh tú ag caoineadh agus b'fhéidir muga seacláide te nuair atá tú ag dul ag luí.'*

'.Rinne Prunella miongháire. Ansin d'oscail sí a béal agus dúirt, '*Teastaíonn uaim…*'

agus na searbhóntaí réidh rith agus rás arís..

'*Teastaíonn …. sé sin uaim go mór* ' arsa Prunella. Gháir an Rí agus an Bhanríon agus na searbhóntaí go léir.

Ar deireadh thiar fuair Prunella an rud a bhí ag teastáil uaithi i ndáiríre agus ar an gcaoi sin bhí sí sona.

## FORBAIRT:

Pléigh an scéal. Seo a leanas roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a chur:

- Cén sórt rudaí a lorg Prunella?
- Cén fáth ar lorg siad iad?
- Cad a bhí uaithi i ndáiríre?
- Cén fáth a raibh Prunella brónach nuair a d'fhéach sí isteach sna tithe beaga ceann tuí?
- An dóigh leat gur smaoineamh maith an smaoineamh a bhí ag Prunella?
- Cén chaoi a raibh an Rí agus an Bhanríon seafóideach?
- Cén chaoi a raibh siad chun an saol a athrú di?

Pléigh an chaoi ar úsáid Prunella a guth chun go dtarlódh athrú. Nasc cumas na leanaí féin a nguthanna a úsáid, mar a rinneadh i nGníomhaíocht 2.

## GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH 1:

*Mise Sona Sláinte*

Iarr ar na leanaí suí mórthimpeall i gciorcal. Tabhair dhá chiúb nó dhá choirnín do gach leanbh. Nuair a chuireann siad leis an gcomhrá cuirfidh siad an coirnín i mbosca atá i lár an chiorcail. Cuirfidh sé seo ar chumas gach linbh dhá dheis a bheith acu labhairt amach agus an páirt chéanna a ghlacadh sa ghníomhaíocht is a ghlacfaidh gach leanbh eile.

Pléigh leis na leanaí céard a mheasann siad is gá chun baile sona/teaghlach sláintiúil a bheith acu.

Breac síos na moltaí atá acu. Cuir iad in ord tábhachta, dar leo. Iarr orthu díriú ar na cinn a mheasann siad is tábhachtaí dóibh chun go mbeadh saol maith sláintiúil acu. Sainaithneoidh na leanaí na riachtanais atá acu le go bhfanfaidís sona, folláin agus sláintiúil.

## NASC BAILE:

Iarr ar na leanaí bileog gníomhaíochta 4 a chríochnú agus a thabhairt abhaile agus é a phlé lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

# Mise Sona Sláinte

Tarraing pictiúr díot féin agus de na daoine agus rudaí mórthimpeall ort a dhéanann sonasacha agus sláintiúil tú.

10 rud a chuideodh leat a bheith sláintiúil agus sona, Mise:

**1** ______________________ **6** ______________________

**2** ______________________ **7** ______________________

**3** ______________________ **8** ______________________

**4** ______________________ **9** ______________________

**5** ______________________ **10** ______________________

D'ainm: ______________________

NASC BAILE

Pléigh le do leanbh na deich rud is tábhachtaí atá riachtanach chun go mbeadh na leanaí sona agus sláintiúil.

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra: ______________________

Cuimsiú

# GNÍOMHAÍOCHT 5

## *Ócáid an-mhór*





## Cuimsiú

# Ócáid an-mhór

Cuireann leanaí a gcearta, chun a bheith cuimsithe agus chun meas a bheith ag daoine eile orthu, faoi chaibidil sa ghníomhaíocht seo.

**CUSPÓIR:**

Chun feabhas a chur ar fheasacht na leanaí ar an bhféidearthacht nach mbeidh leanaí eile curtha san áireamh laistigh de thimpeallacht na scoile (mar shampla, trí leithlisiú, bulaíocht, aineolas nó easpa teagmhála) d'fhonn is go mbeidh leanaí ar an eolas chun tabhairt faoin riosca seo.

**Bunreacht, Airteagal 40 :**
Déilleáiltear le gach saoránach, mar dhaoine daonna, go comhionann faoin dlí.

**CNACL, Airteagal 2:**
Tá na cearta céanna ag gach leanbh, cibé cé hiad, an áit ina bhfuil siad ina gcónaí, na poist atá ag a dtuismitheoirí, an teanga a labhraíonn siad, an creideamh atá acu, cibé acu an buachaillí nó cailíní iad, an cultúr atá acu, cibé acu an bhfuil siad faoi mhíchumas nó nach bhfuil nó cibé acu an bhfuil siad saibhir nó nach bhfuil. Ní ceart caitheamh go héagórach le haon leanbh ar aon bhonn. unfairly on any basis.

**CAD A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:**

- Trealamh le haghaidh cluichí
- Ábhair ealaíon
- Ábhair scríbhneoireachta
- Bileog ghnímhaíocht 5 (má thugann tú faoi Ghníomhaíocht a Leanann Uaidh 1)

**RÉAMHRÁ:**

Léigh an scéal 'Ócáid an-mhór' os ard do na leanaí.






# Ócáid an-mhór

**B'ócáid mhór é an lá spóirt i Scoil Dhroim Dúinín. Bhí seans ann gur lá is taitneamhaí na bliana é. Bhí gach cineál spóirt ann: an léim ard, an léim fhada, an rás uibhe agus spúnóige, an rás trí chos, an rás saic, an rás sealaíochta agus 'maratón' timpeall na páirce móire. Ba é an rud is fearr faoin lá ná gur cuireadh fáilte roimh na tuismitheoirí gach bliain agus bhain gach duine taitneamh as féachaint ar na máithreacha agus ar na haithreacha ag cneadach agus iad ag iarraidh an bua a bhaint amach. I ndiaidh na rásaí, bronnadh duaiseanna ar na daoine a bhain céad, dara agus tríú háit amach sna rásaí ar fad.**

Bhí Bean Uí Mhurchú, a mhúin an chéad rang agus an dara rang, i gceannas ar na spóirt a eagrú. Bhí sí beagáinín neirbhi_ seach faoi, de bharr nár ghlac sí páirt in ócáid chomh mór sin riamh roimhe agus bhí sí ag iarraidh lá spóirt iontach a chur ar siúl, b'fhéidir an lá spóirt ní b'fhearr a bhí ar siúl i nDroim Dúinín riamh. Bheartaigh sí go n-iarrfadh sí moltaí óna rang le haghaidh an lae mhóir.

D'iarr Bean Uí Mhurchú ar a rang litir a scríobh chuici Dé Luain, dhá sheachtain roimh an lá spóirt, ag insint di na rudaí is fearr leo faoi laethanta spóirt. Thabharfadh sé seo níos mó eolais di faoi na rásaí is fearr leis na páistí.

Ba bhreá leis na páistí litreacha a scríobh. Bhí sé i bhfad ní b'fhearr ná gnáthobair bhaile a dhéanamh agus chuir siad go léir a litreacha isteach sa bhosca a d'fhág an múinteoir ar a bord ar an lá dár gcionn. Dúirt Bean Uí Mhurchú go léifeadh sí go cúramach iad nuair a d'imigh siad abhaile. Agus léigh sí, léigh sí go han-chúramach iad sa seomra ranga ciúin agus í ag ól cupán tae. Bhí an-iontas uirthi. Ní raibh sí ag súil leis na rudaí a dúirt na páistí. Léigh anois cad a cheap na páistí faoi Ócáid Mhór Dhroim Dúinín.



Ní maith liom laethanta spóirt in aon chor. Níl mé go maith ag spóirt. Critheann mo chosa nuair a dhéanaim iarracht rith. Caillim an práta i gcónaí i rith an rása uibhe agus spúnóige. Titim nuair atá mé sa rás saic agus bím san áit dheireanach sa 'mharatón' i gcónaí. Spochann na páistí eile asam. Tá náire orm mar nach mbuaim aon rud riamh. Bheadh sé iontach mura mbeadh lá spóirt ar siúl i nDroim Dúinín.

Colm

Cuireann an Lá Spóirt brón orm. Nuair a fheicim na páistí eile ag ligean gáir mholta dá dtuismitheoirí, bíonn uaigneas orm toisc go bhfuil mo mham agus mo dhaid ag obair i dtír i bhfad uaim. Tá a fhios agam go mbíonn siad ag smaoineamh orm i gcónaí agus go bhfuil aiféala orthu nach bhfuil siad anseo chun páirt a ghlacadh sa spraoi, ach cronaím iad ar an Lá Spóirt.

Alisha

Sílim go bhfuil gach duine eile ag baint taitnimh as an Lá Spóirt seachas mise. Nílim in ann análú a dhéanamh i gceart agus ní féidir liom páirt a ghlacadh sna rásaí. Ba bhreá liom a bheith in ann na rudaí a dhéanann na páistí eile a dhéanamh ach deir an dochtúir nár chóir dom. Ní maith liom laethanta spóirt ar chor ar bith.

Nikki

Níor tháinig mé go dtí an scoil seo ach le déanaí, ach is léir dom gur ÓCÁID MHÓR é an Lá Spóirt. Nílim ag tnúth leis. Táim ag foghlaim Gaeilge, ach ní cheapaim go mbeidh mé in ann rialacha na gcluichí nó na daoine eile a thuiscint. Beidh daoine ag tabhairt treoracha dom agus ní bheidh mé in ann iad a thuiscint agus déanfaidh mé amadán díom féin.

Ahmad


Baineadh geit as Bean Uí Mhurchú! Ní raibh a fhios aici nár thaitin an Lá Spóirt leis an oiread sin páistí. Cinnte, ba bhreá le roinnt páistí é, ach ba iad na páistí a bhuaigh na rásaí agus ar a mbronnadh na boinn ina ndiaidh. Smaoinigh sí ar an bhfadhb an oíche sin agus conas a bheidh sí in ann í a réiteach. Bhí uirthi lá spraoi a dhéanamh as an Lá Spóirt! Go tobann, bhí an freagra aici! 'SPRAOI' a bhéic sí os ard, agus an croí a bhaint as an gcat a bhí ag bun na leapa. 'SIN É', a dúirt sí, ní ba chúthaile an uair seo d'fhonn nach ndúiseodh sí gach duine eile sa teach. "Cuirfidh mé 'Lá Spraoi do Chách' ar siúl in áit an Lae Spóirt!"

D'oibrigh sí go crua ar feadh dhá sheachtain eile, ag pleanáil, ag ceannach trealamh nua, ag marcáil réimsí sa pháirc mhór agus ag déanamh mionghháire. Ach, nuair a d'iarr na páistí ar Bhean Uí Mhurchú cad a bhí sí ag déanamh, ní dúirt sí ach 'fan go bhfeicfidh sibh!'. Bhí sceitimi_ni_ ar gach duine. Bhí a fhios ag na páistí go mbeadh an Lá Spóirt difriúil an bhliain sin, ach ní raibh a fhios acu aon rud eile.

An féidir leat an t-iontas a bhí orthu ar mhaidin an lae spóirt a shamhlú? Bhí meirge mór taobh thuas de dhoras na scoile ar a raibh 'Lá Spraoi do Chách Dhroim Dúinín' scríofa. Bailíodh na páistí le chéile sa chlós agus ghlaoigh Bean Uí Mhurchú ainmneacha ochtar páistí amach do gach foireann, ag meascadh na bpáistí ó ranganna éagsúla le chéile. Bhí roinnt páistí ní ba shine agus ní b'óige ar gach foireann, roinnt acu a bhí in ann rith go tapa agus roinnt acu nach raibh in ann. Thug Bean Uí Mhurchú ainm greannmhar ainmhí ar gach foireann, cosúil le Dobhareacha Dána nó Simpeansaithe Slachtmhara. Chuir sé seo an-áthas ar na páistí agus Bean Uí Mhurchú á gcur i ngrúpaí.

Nuair a d'imigh na foirne go dtí an pháirc mhór, bhí a sá iontais orthu. Bhí dhá réimse dhéag ann a bhí marcáilte le corda agus uimhreacha orthu freisin. Bhí gníomh éagsúil ar siúl i ngach aon cheann acu agus múinteoir ann chun cúnamh a thabhairt do na páistí. Thosaigh gach foireann i réimse éagsúil agus bhog siad ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile nuair a chuala siad an clog tar éis deich nóiméad.

Bhí na gníomhartha go léir lán de chraic. Bhí na páistí ag súgradh leis na rópaí scipeála, na fonsaí, preabliathróidí, pónaireáin. Rinne siad iarracht a bheith i gcothrom ar bhinsí, chaith siad na buataisí Wellington, rollaigh siad ar mhataí, agus chuaigh siad ag preabadh ar an gcaisleán preabach. Ní raibh aon rás ar siúl. Níor ghlac tú páirt ach sna gníomhartha a bhí ar do chumas a dhéanamh agus bhí deis agat triail a bhaint as cúpla rud nach



ndearna tú riamh. Thug na páistí níos sine cúnamh do na páistí níos óige agus mhínigh siad na gníomhartha do na páistí nach raibh cinnte fúthu. Bhí na páistí ar fad ag gáire. Ghlac gach duine páirt. Ní raibh faitíos ar aon duine agus ní raibh aon duine ag spochadh as aon duine eile. Ní raibh náire ar aon duine agus níor fágadh aon duine ar lár. Agus níor bronnadh boinn ar dhaoine! Bhí na tuismitheoirí ag ligean gáir mholta do gach foireann agus bhí Nikki ina grianghrafadóir ar feadh an lae, ag glacadh grianghraf don ócáid ar fad. Ag deireadh an lae, fuair gach duine deimhniú ar a raibh an abairt seo scríofa...

*"Ghlac mé páirt i lá 'Spraoi do Chách' Dhroim Dúinín"*

Le linn na picnice ina dhiaidh, d'aontaigh na páistí gur ócáid rímhór a bhí inti, ní ba mhó ná riamh roimhe. Ba é seo an Lá Spóirt ab fhearr! Bhí Bean Uí Mhurchú an-sásta agus d'ól sí cupán deas tae chun an lá a cheiliúradh. Bhí sí ag pleanáil an chéad lá spraoi eile ina hintinn cheana féin! B'fhéidir go mbeadh t-léinte ann....



## FORBAIRT:

Pléigh an scéal leis na leanaí. Seo a leanas roinnt ceisteanna samplacha:

- Cad a fuair Bean Uí Mhurchú amach faoin Lá Spóirt?
- Conas a fuair sí amach faoi?
- Cén fáth nach raibh sí ar an eolas faoi cheana féin?
- Cén fáth ar inis na leanaí é seo di ansin?
- An cuimhin leat na fadhbanna a bhí ag Alisha, Nikki, Ahmad agus Colm?
- Cad é an difríocht idir an 'Lá Spraoi do Chách' agus an Lá Spóirt eile?
- Cén fáth ar fearr leis na leanaí an lá spóirt nua seo??
- Cén sórt lá spóirt is fearr leatsa?
- Cé hiad na gníomhartha a chuirfeá féin ar siúl?
- Conas a bheifeá in ann a chinntiú go mbeadh gach duine sa scoil in ann páirt a ghlacadh?

## GNÍOMHAÍOCHT A LEANANN UAIDH 1

- Pléigh an tslí ina mbeadh na leanaí in ann seisiún corpoideachais 'Spraoi do Chách' a chur ar bun le haghaidh gach duine sa rang. Leag béim ar an bhfocal 'Cách'.
- Cuir na leanaí i gciorcal le chéile agus tabhair deis do gach leanbh an ghníomhaíocht ina bhfuil suim acu a rá. Déan taifead ar na moltaí ar chairt agus cuir in iúl do na leanaí gur chóir meas a bheith acu ar riachtanais agus ar chumas na leanaí eile.
- Iarr ar na leanaí liosta a dhéanamh de na píosaí trealaimh chorpoideachais atá ann sa scoil, mar shampla, fonsaí, liathróidí peile, liathróidí leadóige, pónaireáin, fonsaí cispheile, bacainní, cóin agus mataí.
- Pléigh leis na leanaí go mbeidh rud éigin a thaithíonn le gach leanbh ann nuair a roghnaítear rogha leathan trealaimh go cúramach. Beartaigh ar líon na leanaí a bheidh i ngach grúpa agus iarr orthu ainm spraíúil a chumadh dá bhfoireann. Ní mór do gach leanbh a bheith in ann páirt a ghlacadh sa chuid is mó de na gníomhartha. Mura bhfuil leanbh in ann páirt dhíreach a ghlacadh, ba chóir go dtabharfaí ról eile dó/di, mar shampla: an clog a chlingeadh nó an t-am a choimeád , srl.
- Tabhair cúnamh do leanaí ag obair i mbeirteanna a seisiún corpoideachais 'Spraoi do Chách' féin a leagan amach. Úsáid an teimpléad ar bhileog ghnímhaíochta 5.
- Tabhair smaointe na leanaí faoi deara chun seisiún 'Spraoi do Chách' a chur ar bun.

## NASC BAILE:

- Iarr ar na leanaí an seisiún 'Spraoi do Chách' agus na smaointe a bhí acu chun a chinntiú go mbíonn gach duine cuimsithe a phlé lena dtuismitheoirí/lena gcaomhnóirí.

**NÓ**

## GNÍOMHAÍOCHT A LEANANN UAIDH 2

- Iarr ar na leanaí litir a scríobh chugat chun a gcuid tuairimí maidir leis an seisiún 'Spraoi do Chách' a chur in iúl. Tabhair fíorpháipéar scríbhneoireachta agus clúdaigh litreach do na leanaí ionas go mbeidh an t-eispéireas scríbhneoireachta níos suntasaí.
- Cuir smaointe na leanaí le chéile agus taispeáin don ghrúpa ar fad iad.
- Oibrigh in éineacht leis na leanaí chun seisiún 'Spraoi do Chách' a reáchtáil.

## NASC BAILE

- Iarr ar na leanaí an seisiún 'Spraoi do Chách' agus na smaointe a bhí acu chun a chinntiú go mbíonn gach duine cuimsithe a phlé lena dtuismitheoirí/lena gcaomhnóirí.

**NÓ**

## GNÍOMHAÍOCHT A LEANANN UAIDH 3

- Iarr ar na leanaí t-léine a dhearadh chun lá spraoi ar scoil a cheiliúradh.
- Pléigh na sluáin, a d'fhéadfaí a chur ar na t-léinte, leis na leanaí, mar shampla:
  - Iontach a bhí ár lá spraoi
  - Spraoi, Spraoi, Spraoi ar (ainm na scoile anseo)
  - In ainm spraoi
  - Spraoi do Chách
- Beartaigh ar an gcaoi is fearr a bhféadfadh na leanaí na dearaí a chur i gcrích bunaithe ar na hábhair ealaíon atá ar fáil — mar shampla, tabhair cúnamh do na leanaí:
  - chun teimpléid t-léinte a scaradh agus chun a ndearaí a phéinteáil nó a líonadh isteach le dathanna;
  - chun pictiúr t-léine a tharraingt nó a phéinteáil
  - chun cló ar sean-t-léinte gan phatrún le péint fabraice nó criáin.

# Spraoi do Chách

Roghnaíomar na píosaí trealaimh seo a leanas:

.............................................. ..............................................

.............................................. ..............................................

.............................................. ..............................................

.............................................. ..............................................

Is iad ainmneacha na bhfoirne:

.............................................. ..............................................

.............................................. ..............................................


.............................................. ..............................................

.............................................. ..............................................

**Tarraing gníomhaíocht i ngach ciorcal, mar shampla liathróidí nó rópaí scipeála. Scríobh cur síos ar na gníomhartha sna boscaí.**

NASC BAILE


Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra: ______________________


IMIGH
CRÍOCHNAIGH



# GNÍOMHAÍOCHT 6

## *An Dúshlán*





# An Dúshlán

Cuireann na leanaí ról an Gharda Síochána mar ghardaí na síochána faoi chaibidil sa ghníomhaíocht seo agus tugtar léargas ar thascanna a dhéanann siad chun daoine a chosaint agus chun cúnamh a thabhairt dóibh, leanaí ina measc.

**CUSPÓIR:**

Chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint na leanaí ar rudaí a dhéanann an Garda Síochána chun daoine a chosaint agus chun cúnamh a thabhairt dóibh, leanaí ina measc.


**Nóta do mhúinteoirí:**
Thug Coláiste na hOllscoile Corcaigh faoi thaighde i 2007 ar son Oifig an Ombudsman do Leanaí maidir leis na constaicí éagsúla a stopann leanaí a gcearta a bhaint amach. Dúirt an taighde seo go mbíonn constaicí ann do leanaí a théann i gcoimhlint leis an dlí agus a mbíonn teagmháil acu leis an gcóras ceartais choiriúil nuair a dhéanann siad iarracht a gcearta a bhaint amach. Mar gheall air seo, bheartaíomar ar ghníomhaíocht a fhorbairt a thabharfadh cúnamh do leanaí níos óige dul i ngleic le 'leanaí agus an dlí' i slí atá feiliúnach dá n-aois, mar shampla, ag breathnú ar obair na nGardaí sa phobal.

**CAD A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:**

- Cóipeanna de bhileog ghnímhaíocht 6 (má tá tú ag tabhairt faoi ghníomhaíocht a leanann uaidh 3)

**RÉAMHRÁ:**

Léigh an scéal 'An Dúshlán' os ard do na leanaí.





# An Dúshlán

**Ní raibh Gina ach seacht mbliana d'aois, ach bhí sí ag smaoineamh ar an bpost a bheadh aici nuair a bheadh sí níos sine. Uaireanta, cheap sí go mbeadh sí ina rinceoir nó ina haisteoir cáiliúil, nó b'fhéidir ina hamhránaí. In amanna eile, cheap sí go mbeadh sí ina feirmeoir. Bheadh sé iontach a bheith in ann tarracóir a thiomáint, a cheap sí. Ach, bhí sé an-deacair cinneadh a dhéanamh.**

Lá amháin, bhí Gina ag siopadóireacht in éineacht lena mam agus chonaic sí Garda ar chapall! Nach iontach an post é sin! Ba bhreá le Gina capall a mharcaíocht, chun a bheith níos airde ná gach duine eile ar an tsráid agus a bheith in ann súil a choinneáil ar gach rud a bhí ag tarlú. B'fhéidir go mbeadh sí ina Garda ar chapall! D'inis Gina a scéal faoina cinneadh don rang ag am nuachta ar scoil ar an lá dár gcionn. Rinne a múinteoir, an tUasal Ó hÓgáin, miongháire. 'An bhfuil tú cinnte go mbeidh tú i do Gharda ar chapall amháin? B'fhéidir go dteastóidh uait carr a thiomáint a bhfuil bonnán air, gluaisrothar a mharcaíocht, gnáthrothar a mharcaíocht, nó fiú héileacaptar a eitilt.' 'A thiarcais!' arsa Gina, 'Níor cheap mé fúthu.' Ní raibh sí ar an eolas faoi líon na modhanna taistil a úsáideann na Gardaí nó na jabanna ar fad a dhéanann siad.

Bheartaigh an tUasal Ó hÓgáin dúshlán a thabhairt don rang. Bheadh na páistí ina mbleachtairí ar feadh na seachtaine. Ní bheidís ag obair leis na Gardaí, ach bheidís ag faire amach do Ghardaí. Bheidís ag faire amach do Ghardaí i mbun dualgais i ngach áit a ndeachaigh siad. Bheadh orthu insint don rang na háiteanna ina bhfaca siad iad. Ansin, bheadh an rang in ann liosta a dhéanamh de na jabanna go léir a dhéanann na Gardaí. Nuair a bheadh an t-eolas ar fad acu, b'fhéidir go mbeadh Gina in ann cinneadh ar an sórt Garda ina mbeadh sí.

Bris isteach ar an scéal le haghaidh plé. Iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoi cá háit a bhfaca na leanaí sa scéal na Gardaí agus cad a bhí siad ag déanamh ag an am. Déan liosta de na moltaí agus cuir i gcomparáid leis an scéal iad.

Thaitin go mór leis na páistí a bheith ina mbleachtairí. Chonaic siad Gardaí ar fud na háite, ag déanamh gach sórt jab.

Chonaic Saoirse Garda ag síniú foirme i stáisiún na nGardaí.

Chonaic Jonah Garda ag stad tiománaí i gcarr.

Chonaic Tom Garda taobh amuigh d'Oifig an Phoist.

Chonaic Pádraig Garda ag timpiste bhóthair.

Chonaic Ameera Garda ag rialú inimirce san aerfort.

Chonaic Billy Garda ag siúl suas agus síos an bóthar ar a bhfuil sé ina chónaí.

Chonaic Kim Garda ag labhairt ar a shiúlscéalaí.

Chonaic Holly Garda ag tranglam tráchta.

Chonaic Liam grúpa Gardaí ar ghluaisrothair.

Chonaic Eva Garda
ar nuacht ar an teilifís.

Chonaic Yvonne Garda
i láthair ag cluiche peile.

Chonaic Vicky Garda ag labhairt
le déagóirí ar an bhfaiche.

Chonaic Gearóid Garda ag seasamh
lasmuigh d'Áras an Uachtaráin.

Agus chonaic an rang ar fad Garda… ina seomra ranga! Thug an tUasal Ó hÓgáin cuireadh do Gharda teacht isteach agus insint do na páistí faoina obair. D'inis na páistí an scéal faoin dúshlán a thug an tUasal Ó hÓgáin dóibh don Gharda agus go raibh siad ina mbleachtairí ag faire amach do Ghardaí. Chuir siad go leor ceisteanna ar an nGarda. Chuir na páistí an oiread sin ceisteanna ar an nGarda go ndúirt sé gur é an dúshlán a bheadh aige ná gach ceist a fhreagairt sula n-imeoidís abhaile. Ba é an chéad dúshlán eile a bhí ag Gina ná cinneadh ar an gcapall nó ar an ngluaisrothar.



**FORBAIRT:**

Pléigh an scéal seo leis na leanaí. Seo a leanas roinnt ceisteanna samplacha:

- Cén fáth ar chinn Gina go mbeadh sí ina Garda?
- An gceapann tú gur fáth maith é sin?
- Cé hiad na modhanna taistil eile a úsáideann an Garda Síochána?
- Cad é an dúshlán a thug an tUasal Ó hÓgáin do na leanaí?
- Cá háit a bhfaca na leanaí Gardaí ag obair le linn na seachtaine?
- Cad a cheapann tú atá ar siúl ag an nGarda i ngach cás? (cuir na cásanna i gcuimhne do na leanaí)
- Conas a dhéanfá teagmháil leis an nGarda Síochána?

## GNÍOMHAÍOCHT A LEANANN UAIDH 2

Tabhair cúnamh do na leanaí comhad fíricí a chur le chéile maidir leis an nGarda Síochána agus é a chur ar taispeáint sa seomra ranga. Seo a leanas roinnt fíricí a d'fhéadfadh na leanaí a chur sa chomhad:



- Ciallaíonn ainm an Gharda Síochána go bhfuil siad ina ngardaí ar shíocháin na tíre.
- Tá bratach an Gharda Síochána gorm agus suaitheantas liath i lár. Is foirm de chros Cheilteach é an suaitheantas. Tá na litreacha G agus S i lár an tsuaitheantais, túslitreacha na bhfocal 'Garda Síochána'. Tá 'Garda Síochána na hÉireann' scríofa timpeall an tsuaitheantais.
- Caitear suaitheantas an Gharda Síochána ar chaipín Garda.
- Caitheann gach Garda uimhir aitheantais ar a (h)éide.
- Ní bhíonn airm tine ag na Gardaí, seachas aonaid speisialta.
- De ghnáth, bíonn carranna an Gharda Síochána bán ar a bhfuil comharthaí fluaraiseacha buí agus gorm. Ní bhíonn comharthaí ar roinnt carranna an Gharda Síochána.
- Bronntar an Bonn Scott ar Ghardaí a thaispeánann crógacht i mbun dualgais.
- Déanann aonaid éagsúla an Gharda Síochána jabanna éagsúla – mar shampla, an Cór Tráchta, an tAonad Speisialta Bleachtairí, Oibríochtaí Tacaíochta (Uisce, Madra, Marc-Ghardaí, Aerthacaíocht), agus an tAonad Práinnfhreagartha.

**agus/nó**

## GNÍOMHAÍOCHT A LEANANN UAIDH 2

Pléigh na cásanna ina mbeadh sé oiriúnach glao a chur ar na Gardaí nó seirbhísí éigeandála eile leis na leanaí – mar shampla, i gcásanna timpiste, robála nó gortaithe. Tabhair deis do na leanaí gníomh rólghlactha a dhéanamh maidir le glao a chur ar na seirbhísí éigeandála, mar shampla:

- 112 (nó 999) a dhiailiú
- a n-ainm agus a seoladh a thabhairt don oibritheoir
- an fhadhb a mhíniú dó/di.

**TABHAIR FAOI DEARA:** gcomhthéacs na gníomhaíochta seo, déan cinnte go bhfuil a fhios ag na leanaí nár chóir dóibh an t-eolas seo a roinnt le strainséirí riamh.

**agus/nó**

## GNÍOMHAÍOCHT A LEANANN UAIDH 3

Tabhair dúshlán do na leanaí a bheith ina 'mbleachtairí'. Ba chóir do na leanaí faire amach do na Gardaí ar feadh cúpla lá. Ansin, cuir ceist ar na leanaí faoi na Gardaí a chonaic siad agus cad a bhí na Gardaí ag déanamh ag an am. Déan cuntas ar gach rud a deir na leanaí faoi cheannteidil a bhaineann le ról an Gharda agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Ansin, iarr ar na leanaí bileog ghnímhaíocht 6 a dhéanamh.

# An Dúshlán

**Seiceálann an Garda Tráchta le haghaidh:**

- *criosanna sábhála*
- ..........................................
- ..........................................
- ..........................................

**An Garda sa stáisiún:**

- *a fhreagraíonn an guthán*
- ..........................................
- ..........................................
- ..........................................

**An Garda ar shráid chathrach:**

- *a bhíonn ag faire ar choireacht*
- ..........................................
- ..........................................
- ..........................................

**An Garda ar glao-dhualgas:**

- *a chuireann glao ar an teaghlach nó a thugann cuairt orthu*
- ..........................................
- ..........................................
- ..........................................

**An Garda ar an ngluaisrothar:**

- *a bhíonn ag díriú tráchta*
- ..........................................
- ..........................................
- ..........................................

**An Garda inár gceantar:**

- ..........................................
- ..........................................
- ..........................................

**Tarraing pictiúr de Gharda a chonaic tú i mbun dualgais:**

*Ballóid ar cheisteanna a bhaineann le leanaí*

# GNÍOMHAÍOCHT 7

## *Do Ghuth, Do Vóta*



# Ballóid ar cheisteanna a bhaineann le leanaí

# Do Ghuth, Do Vóta

**EOLAS CÚLRA**

Ghlac beagnach 75,000 leanbh agus níos mó ná 560 scoil agus ionad ar fud na tíre páirt sa tionscadal "an Bhallóid Mhór" a reáchtáil Oifig an Ombudsman do Leanaí i 2007. Chuir aiseolas, a fuarthas ó leanaí, múinteoirí agus príomhoidí, in iúl gur thug an Bhallóid Mhór deis do leanaí tuilleadh a fhoghlaim faoina gcearta; tuairimí a chur le chéile agus a nochtadh; agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach trí vótaí a chaitheamh ar cheisteanna a bhaineann le cearta leanaí. Dúirt múinteoirí linn chomh maith go raibh leanaí gafa le, agus díograiseach mar gheall ar a bheith páirteach i mballóid agus vótaí a chaiteamh. Cuireann an ghníomhaíocht dheireanach leis an aiseolas nuair a thugtar moltaí d'fhonn ballóid a reáchtáil maidir le cearta leanaí.

**AR CHÓIR DOM AN BHALLÓID A THÓGÁIL IN AON RANG AMHÁIN NÓ AR FUD NA SCOILE?**

Cinnte, is féidir an bhallóid a thógáil in aon rang amháin. Ach, tuigtear go bhfeabhsaítear an leibhéal suime agus taitnimh, agus an t-eispéireas foghlama go mór nuair a thógtar an bhallóid ar fud na scoile. Más mhaith leat an bhallóid a thógáil ar fud na scoile, moltar duit agus do do chomhghleacaithe freagracht as an mballóid a reáchtáil a thabhairt do leanaí an 6ú rang. Cé acu an dtógann tú an bhallóid leis na leanaí i do rang amháin, nó an dtógann tú an bhallóid ar fud na scoile, beidh an ghníomhaíocht níos spraíúla agus níos fiúntaí mar thaithí saoránachta má leagtar róil agus freagrachtaí ar na leanaí i rith an phróisis.

NASC BAILE

### CÉ NA CEISTEANNA BA CHÓIR A CHUR SA BHALLÓID?

Nuair a thugtar deis do leanaí páirt a ghlacadh i mballóid atá dírithe ar na ceisteanna a phléigh siad i ngníomhartha eile an leabhair seo, beidh na leanaí in ann machnamh a dhéanamh ar thábhacht cinntí agus roghanna eolasacha. Is féidir deis a thabhairt do leanaí, áfach, ceisteanna tábhachtacha a bhaineann leo, mar shampla, ina gceantar áitiúil, a shainaithint, a chur in iúl i bhfocail agus ansin vótá a chaitheamh ina leith.

### AISEOLAS CHUIG OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

Beimid an-sásta anseo in Oifig an Ombudsman do Leanaí aon aiseolas a fháil ó na leanaí faoi na ceisteanna ar chaith siad vóta orthu agus cén fáth a gceapann siad go bhfuil ceist nó dhó chomh tábhachtach sin. Is féidir leo teagmháil a dhéanamh linn ag:

**oco@oco.ie**

nó litir a sheoladh chugainn Torthaí ár mBallóide ag:

**Torthaí ár mBallóide**
**Oifig an Ombudsman do Leanaí,**
**An Chéad Urlár, Teach na Mílaoise**
**52-56 Sráid na Trá Mhór,**
**Baile Átha Cliath 1.**

D'fhéadfadh na leanaí torthaí a mballóide a roinnt ag brath ar conas a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo - mar shampla, le príomhoide agus bord bainistíochta na scoile; le comhairleoirí contae áitiúla agus teachtaí dála; nó le soláthraithe seirbhíse áitiúla agus le heagraíochtaí pobail.

### NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ MAIDIR LE HÉASCÚ NA GNÍOMHAÍOCHTA SEO:

Cibé cén tslí a thugann tú faoin ngníomhaíocht seo, beidh ort na céimeanna thíos a thabhairt faoi deara chun:

- aoiseanna agus cumas na leanaí a chur san áireamh;
- an rang lena bhfuil tú ag obair a chur san áireamh;
- cinneadh a dhéanamh maidir le ballóid a thógáil in aon rang amháin nó ar fud na scoile;
- cinneadh a dhéanamh ar na ceisteanna a bheidh ar an mballóid; an mbainfidh siad leis na ceisteanna sa leabhar seo nó le ceisteanna a roghnaíonn na leanaí?

Má mhúineann tú naíonáin shóisearacha nó shinsearacha agus tá do bhallóid dírithe ar cheisteanna a leanann ó na ceisteanna sa chúrsa seo, ba chóir duit na ceisteanna sna scéalta a chur i gcuimhne do na leanaí. I dtaca leis an vótáil, b'fhéidir go mbeadh sé níos feiliúnaí córas vótaíochta eile a réadtiomnú a bheadh níos éasca do leanaí ag an aois seo a thuiscint. Mar shampla, d'fhéadfá dath éagsúil a shannadh do gach ceist agus iarr ar na leanaí bloic, páipéar, nó ábhair eile daite atá ar fáil duit a úsáid d'fhonn a rogha a chur in iúl.

## CUSPÓIRÍ:

**Beidh leanaí in ann:**

- a dtuiscint ar an bpróiseas daonlathach a fhorbairt;
- ceisteanna a bhaineann leo a aithint agus a chur in ord tosaíochta;
- beart dearfach a dhéanamh maidir leis an gceist a roghnaíodh (roghnach).

## CAD A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:

- Páipéar ballóide a dhearadh agus cóipeanna a dhéanamh de, srl. chun an bhallóid a éascú (tá teimpléid curtha ar fáil sa leabhar seo).

### 1. Ag ullmhú don Bhallóid

*Gach rang:*

- Tabhair cúnamh do na leanaí súil siar ar na ceisteanna a chuir siad faoi chaibidil i ngníomhartha an leabhair seo. Mura bhfuil tú ag úsáid na gceisteanna sa leabhar seo mar bhunús do bhallóide, tabhair tacaíocht do na leanaí cúig cheist a bhaineann leo a shainaithint, mar shampla, a scoil nó a bpobal áitiúil.
- Sula ndéanfar an bhallóid, cuir na leanaí i ngrúpaí, grúpa do gach cheist ar an mballóid. Iarr ar gach grúpa cur i láthair gairid a dhéanamh maidir lena gceist d'fhonn í a chur ina luí ar na leanaí eile. D'fhéadfadh gach grúpa obair ealaíne a bhaineann leis an gceist a chur ar taispeáint agus/nó póstaer feachtais a dhearadh agus a chur ar taispeáint.
- Fógair an bhallóid agus na ceisteanna a roghnaíodh.
- Feabhsaigh feasacht ar nósanna imeachta na ballóide i measc na leanaí (i.e. cén fáth a bhfuil an bhallóid faoi rún, conas an páipéar ballóide a líonadh isteach) agus, tábhacht na dtoghchán inár sochaí i gcoitinne, srl.

*Le haghaidh an ranga/an ghrúpa atá ag reáchtáil na ballóide:*

- Caithfear an rang nó an grúpa, atá ag reáchtáil agus ag déanamh maoirseachta ar an bpróiseas, a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta agus róil lárnacha cosúil leis an gCeann Comhairimh, áiritheoirí, gardaí slándála le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí, agus breathnóirí. Chomh maith leis sin, is féidir le leanaí cártaí eisiúna a dhéanamh agus iad a chur ar taispeáint in aice leis na boscaí vótaíochta; obair ealaíne/póstaeir a bhaineann le gach ceist a bhailiú ó na ranganna eile agus iad a chur ar taispeáint; agus páipéar ballóide a dhearadh/a ullmhú.
- Má tá tú ag obair in éineacht leis an ngrúpa reáchtála:
  - tabhair cúnamh dóibh Ceann Comhairimh a roghnú;
  - roinn an seicliosta ar bhileog ghnímhaíocht 6;
  - tabhair tacaíocht do na leanaí chun daoine a roghnú le haghaidh gach róil (ba chóir go mbeadh beirt chúntóirí ag an gCeann Comhairimh ar a laghad);
  - tabhair cúnamh do na leanaí liosta dualgas a leagan amach agus a chur ar taispeáint.

### 2. An Bhallóid a Thógáil

- Beidh sé de dhualgas ar an gCeann Comhairimh maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta.
- tóg an vótáil sa halla tionóil. Más féidir, bheadh na leanaí níos sine in ann na leanaí níos óige a thabhairt chuig agus ón halla vótála agus maoirseacht a dhéanamh ar an vótáil ag an am céanna.
- I ndiaidh na ballóide, ba chóir go mbeadh an Ceann Comhairimh in ann na torthaí a chur in iúl do gach duine.

### 3. Roghanna le haghaidh gníomhaíochta a leanann ón mballóid

Mol do na leanaí torthaí na ballóide a thabhairt abhaile leo. D'fhéadfá cúnamh a thabhairt do leanaí:

- chun obair le chéile ar bheart dearfach maidir leis an gceist a bhuaigh an vótáil.

**agus/nó**

- chun ríomhphost nó litir a sheoladh chuig Oifig an Ombudsman do Leanaí chun muid a chur ar an eolas faoi thorthaí na ballóide, tuairimí na leanaí ar na torthaí seo agus, má tá bainteach, aon bheart a thóg siad i dtaca leis an gceist a bhuaigh an vótáil;

**agus/nó**

- cairt taispeántais a dhéanamh chun torthaí an ranga/na scoile a thaispeáint.

# Bhur mBallóid a Reáchtáil

## Seicliosta na bPost

**Ainm an chinn chomhairimh:** ........................................

Is é post an chinn chomhairimh: ........................................

........................................

**Ainmneacha chúntóirí an chinn chomhairimh:** ........................................

Is é post na gcúntóirí: ........................................

........................................

**Ainmneacha na ngardaí slándála (le haghaidh bothanna vótaíochta nó boscaí):** ....................

Is é post na ngardaí slándála:: ........................................

........................................

**Ainmneacha na mbreathnóirí:** ........................................

Is é post na mbreathnóirí: ........................................

........................................

**Ainmneacha áiritheoirí an chomhairimh:** ........................................

Is é post áiritheoirí an chomhairimh: ........................................

........................................

**Ainmneacha chláraitheoirí na vótaí:** ........................................

Is é post chláraitheoirí na vótaí: ........................................

........................................

# Páipéar Ballóide Samplach

**Roghnaigh an cheist is tábhachtaí dar leat.**
Cuir tic in aon bhosca amháin.

☐ *Ceist:* ....................................................

☐ *Ceist:* ....................................................

☐ *Ceist:* ....................................................

☐ *Ceist:* ....................................................

☐ *Ceist:* ....................................................

**Fill agus cuir isteach sa bhosca ballóide.**
Go raibh maith agat!

# Leathán Comhairimh Samplach

**Ainm na scoile:** ..................................................

**Seoladh na scoile:** ..................................................

..................................................

## Torthaí na Ballóide

**Cuir isteach líon na vótaí a caitheadh do gach ceist:**

| | | |
|---|---|---|
| *Ceist:* | .................................... | |
| *Ceist:* | .................................... | |
| *Ceist:* | .................................... | |
| *Ceist:* | .................................... | |
| *Ceist:* | .................................... | |

**Stampa na Scoile:**

**Ainm an Chinn Chomhairimh** (bloclitreacha):

..................................................

**Síniú an Chinn Chomhairimh:** ..................................................





